tionscnaimh chaomhantais, le gníomhú ar son na bithéagsúlachta agus le comhpháirtíochtaí straitéiseacha ar fud na tíre.
Is ról nua laistigh den fheidhm deontas é seo, agus tacóidh sé le forbairt agus comhordú leantach na gclár a sheolann an Chomhairle Oidhreachta i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le heagraíochtaí earnála.

Díreoidh an ról ar bhainistíocht oibríochtúil scéimeanna deontas, ar thacú leis an bpróiseas measúnaithe, ar fhaireachán a dhéanamh ar thionscadail chistithe, agus ar chomhpháirtíochtaí a neartú le húdaráis áitiúla, le tionscnaimh earnála oidhreachta agus le heagraíochtaí is comhpháirtithe straitéiseacha.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Áirítear iad seo a leanas le príomhdhualgais an róil, ach gan a bheith teoranta dóibh:

### Bainistíocht Clár Deontas

- Cláir deontas a bhainistiú lena mbaineann údaráis áitiúla, tionscnaimh earnála oidhreachta agus eagraíochtaí is comhpháirtithe straitéiseacha, agus tacú leis na cláir sin a riar, á chinntiú go n-oibrítear scéimeanna go héifeachtúil agus ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta na Comhairle Oidhreachta.
- Tacú le príomhchláir chomhpháirtíochta a bhainistiú a sholáthraítear i gcomhar le húdaráis áitiúla, le tionscnaimh earnála oidhreachta agus le heagraíochtaí is comhpháirtithe straitéiseacha.
- Faireachán a dhéanamh ar sholáthar aschur agus gníomhaíochtaí clár chun a chinntiú go mbíonn siad ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha na Comhairle Oidhreachta.
- Tacú le scéimeanna deontas, treoirlínte clár agus próisis oibríochtúla a fhorbairt agus a bheachtú.

## Rialachas agus Tuairisciú

- A chinntiú go n-oibrítear cláir ar aon dul le ceanglais rialachais san earnáil phoiblí, lena n-áirítear ceanglais formhaoirseachta airgeadais, ceanglais tuairiscithe agus ceanglais iniúchóireachta.
- Tuarascálacha, nótaí faisnéise agus doiciméid a ullmhú don Chomhairle, do choistí agus don Fhoireann Ardbhainistíochta.
- Cuairteanna láithreáin a shocrú agus a thabhairt ar eagraíochtaí cistithe agus ar thionscadail chistithe, de réir mar is cuí, chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun an t-eolas is deireanaí a bhailiú faoi sholáthar clár.

## Caidreamh le Geallsealbhóirí agus Caidreamh Comhpháirtíochta

- Comhordú a dhéanamh ar chaidreamh le comhpháirtithe clár, lena n-áirítear údaráis áitiúla, tionscnaimh earnála oidhreachta agus eagraíochtaí is comhpháirtithe straitéiseacha.
- Tacú le hullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaontuithe comhpháirtíochta, ar chláir oibre bhliantúla agus ar shocruithe cistiúcháin le comhpháirtithe straitéiseacha.
- Is é a bheidh i gceist leis an ról obair i ndlúthchomhar leis an bhFoireann Idirchaidrimh Údaráis Áitiúil agus le baill foirne eile de chuid na Comhairle Oidhreachta chun tacú le soláthar éifeachtach clár lena mbaineann údaráis áitiúla agus comhpháirtithe earnála oidhreachta.

## Comhoibriú Foirne

- Obair i gcomhar leis an mórfhoireann deontas agus tacú le cláir eile deontas de chuid na Comhairle Oidhreachta, de réir mar is gá, go háirithe le linn tréimhsí gnóthacha sa timthriall bliantúil deontas.

## Faireachán ar Chláir agus Feidhmíocht Clár

- Creataí feidhmíochta clár a fhorbairt agus a choinneáil ar bun agus cabhrú le faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le cláir chistithe agus le comhpháirtíochtaí cistithe.
- Achoimrí feidhmíochta clár, ábhair faisnéise agus moltaí a ullmhú don lucht ardbhainistíochta agus don Chomhairle.

- Tacú le hathbhreithnithe agus meastóireachtaí tréimhsiúla clár chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá cláir, ar an luach ar airgead a bhaineann leo agus ar an tionchar fadtéarmach a bhíonn acu.

### Sonraí, Taighde agus Fianaise

- Taifid chruinne agus tacair sonraí cruinne a choimeád ar chláir laistigh de chórais bainistíochta deontas na Comhairle Oidhreachta.
- Tacú le córais a fhorbairt le haghaidh sonraí clár a bhailiú, a stóráil agus a anailísiú chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht.
- Obair i gcomhar le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta chun feabhas a chur ar cháilíocht sonraí, ar chórais tuairiscithe agus ar phróisis faireacháin clár.
- Cabhrú le tuarascálacha anailíseacha agus ábhair faisnéise a ullmhú bunaithe ar shonraí clár, ar fhionnachtana taighde agus ar fheidhmíocht clár.
- Rannchuidiú le tionscnaimh thaighde agus le tionscnaimh bailiú fianaise lena dtacaítear le meastóireacht a dhéanamh ar chláir na Comhairle Oidhreachta agus le hiad a fhorbairt amach anseo.

### Freagrachtaí Ginearálta

Tabhairt faoi aon dualgais eile a shannfar le réasún ó am go ham, ar aon dul le riachtanais na heagraíochta.

Níor cheart na freagrachtaí atá leagtha amach thuas a mheas a bheith cuimsitheach agus is féidir go gcuirfear freagrachtaí breise leo nó go n-athrófar iad de réir mar is gá, ar aon dul le riachtanais na heagraíochta.

## Oideachas, Oiliúint agus Taithí

Ní mór d’iarrthóirí a léiriú ina n-iarratas go gcomhlíonann siad na critéir bhunriachtanacha seo a leanas:

- Cáilíocht tríú leibhéal i ndisciplín a bhaineann leis an oidhreacht, i bpleanáil, i riarachán poiblí, in airgeadas, i mbainistíocht comhshaoil, nó i réimse gaolmhar,

  <u>nó</u>

- Taithí ceithre bliana ar a laghad ar obair i riarachán clár, i mbainistíocht deontas, i gcláir earnála poiblí, nó i réimse gaolmhar.
- Taithí ar obair i gcomhar le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí poiblí nó le heagraíochtaí earnála.
- Scileanna láidre anailíseacha agus riaracháin, agus an cumas chun faisnéis chasta a bhainistiú.
- Sárscileanna cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal.
- Taithí ar thuarascálacha agus doiciméid clár a ullmhú.
- Scileanna láidre TF, lena n-áirítear taithí ar chórais sonraí, ar scarbhileoga nó ar chórais bainistíochta deontas.
- Cumas chun spriocdhátaí éagsúla agus tosaíochtaí atá san iomaíocht le chéile a bhainistiú ag an aon am amháin.
- Cumas chun obair go héifeachtach mar chuid d'fhoireann i dtimpeallacht ghnóthach clár.

### Critéir Inmhianaithe

- Taithí ar obair san earnáil oidhreachta, pleanála, comhshaoil nó cultúir.
- Tuiscint ar cheanglais rialachais agus ceanglais comhlíonta deontas san earnáil phoiblí.
- Taithí ar shonraí feidhmíochta clár a anailísiú.
- Bheadh líofacht i nGaeilge scríofa agus labhartha ina buntáiste.

### Tuairisciú

Tuairisceoidh an Bainisteoir Deontas Údaráis Áitiúil agus Earnála don Cheann Airgeadais, Straitéise agus Deontas nó do cibé duine eile a ainmneoidh an Príomhfheidhmeannach.

## Inniúlachtaí don Ról

- Ceannaireacht foirne
- Breithiúnas, anailís agus cinnteoireacht
- Bainistíocht agus soláthar torthaí
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide

